Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12948/18**

**ENV 650**
**AGRI 456**
**FORETS 43**
**PI 142**
**PECHE 390**
**RECH 420**
**ONU 86**
**CADREFIN 250**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Deireadh Fómhair 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12808/18 |
| Ábhar: | An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):<br>• Ullmhúchán don cheathrú cruinniú déag de chuid Chomhdháil na bPáirtithe (COP 14) in CBD<br>• Ullmhúchán don naoú cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar chruinniú na bpáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 9)<br>• Ullmhúchán don tríú cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 3)<br>(Sharm El-Sheikh, an Éigipt, an 17-29 Samhain 2018)<br>= Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis na cruinnithe CBD a luaitear thuas a ghlac an Chomhairle ag an 3640ú cruinniú dá cuid, ar an 9 Deireadh Fómhair 2018.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD):**

**Ullmhúchán don cheathrú cruinniú déag de chuid Chomhdháil na bPáirtithe (COP 14) in CBD**

**Ullmhúchán don naoú cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar chruinniú na bpáirtithe i bPrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht (COP-MOP 9)**

**Ullmhúchán don tríú cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe in CBD a bheidh mar Chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí (COP-MOP 3)**

**(Sharm El-Sheikh, an Éigipt, an 17-29 Samhain 2018)**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. AITHNÍONN SÍ go ndearnadh dul chun cinn maith maidir le roinnt codanna den Phlean Straitéiseach don Bhithéagsúlacht 2011-2020 a bhaint amach agus maidir le Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach; mar sin féin, cionn is gur neamhleor den chuid is mó an dul chun cinn ó thaobh roinnt spriocanna ar leith a bhaint amach, IARRANN SÍ go méadófar na hiarrachtaí chun Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach ina n-iomláine;

2. IS ÁBHAR MÓR IMNÍ DI go bhfuil baol mór ann do bhonn na n-acmhainní nádúrtha agus do na seirbhísí éiceachórais ar a bhfuil an cine daonna ag brath agus go bhfuil an chuid is mó de na brúnna is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta ag méadú i gcónaí, agus is bagairt é sin do bhaint amach bhunáit na spriocanna domhanda, réigiúnacha agus náisiúnta i ndáil le bithéagsúlacht, agus do bhaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna); Is iad na príomhbhrúnna ar an mbithéagsúlacht iad cailliúint agus athrú gnáthóg, díghrádú talún, an t-athrú aeráide, speicis choimhthíocha ionracha, truailliú talún agus mara, lena n-áirítear plaistigh agus ceimiceáin, agus úsáid neamh-inbhuanaithe na bithéagsúlachta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur foinsí guaise do shláinte an duine freisin an chuid is mó acu;

3. ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar Bhallstáit an Aontais gníomhaíochtaí a mhéadú agus gach iarracht a dhéanamh sa dhá bhliain atá romhainn le dul i ngleic le príomhchúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta agus na straitéisí agus na pleananna gníomhaíochta náisiúnta (NBSAPanna) agus straitéis bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020 a chur chun feidhme ina n-iomláine agus spriocanna bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach;

**Creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020**

4. IARRANN SÍ go nglacfar beart leantach uaillmhianach ar bhonn an Phlean Straitéisigh um Bithéagsúlacht 2011-2020 lena dtugtar creat uileghabhálach bithéagsúlachta ar fud na Náisiún Aontaithe agus do gach geallsealbhóir i dtreo Fís 2050 don bhithéagsúlacht; leis an gcreat sin, ba cheart go bhféadfaí cur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus a chuid prótacail a neartú, chomh maith le cur chun feidhme na gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil (MEAnna) eile a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus SDGanna ábhartha; leis an gcreat, ba cheart an bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chur ar bharr na gclár oibre polaitiúil; ba ceart spriocanna a áireamh ann atá uaillmhianach, réadúil agus, a mhéid is féidir, intomhaiste agus faoi cheangal ama, a neartódh agus a chuirfeadh le spriocanna reatha Aichi, a spreagfadh gníomhaíocht agus a fhágfadh gur féidir dul chun cinn a rianú ar bhealach éifeachtach;

5. CUIREANN SÍ I bhFÁTH maidir leis an bpróiseas a ghlacfar ag COP 14 chun creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 a ullmhú, gur cheart go mbeadh sé uileghabhálach, cuimsitheach agus rannpháirteach chomh maith le bheith freagrúil i ndáil le hinscne; ba cheart próiseas a áireamh ann chun gealltanais dheonacha a sheoladh ó Pháirtithe ar bhonn aonair nó i gcomhghuaillíocht, nó má tá páirtithe réidh lena dhéanamh amhlaidh roimh COP 15, chun dul i ngleic le dúshláin na bithéagsúlachta; chomhtháthófaí na gealltanais i bpróiseas foriomlán cur chun feidhme agus faireacháin a mbeadh próiseas athbhreithnithe oscailte, trédhearcach ag gabháil leis; MOLANN SÍ tuilleadh plé a dhéanamh maidir le forbairt gealltanas comhpháirteach ón Aontas a chuirfidh le cur chun feidhme chomhbheartais an Aontais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht;

6. CUIREANN SÍ I bhFÁTH an ról suntasach is féidir le gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad a imirt chun cur chun feidhme creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 a neartú; MOLANN SÍ do na gníomhaithe agus do geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla chomh maith leis an earnáil phríobháideach, gealltanais dheonacha a dhéanamh; Leis na gealltanais dheonacha ó na páirtithe, ó na geallsealbhóirí agus ó na gníomhaithe le chéile d'fhéadfaí clár domhanda don bhithéagsúlacht a fhorbairt a fhónfadh mar bhrateagraíocht do chomhghuallaíochtaí agus comhpháirtíochtaí idir iad siúd atá ann ann cheana agus na cinn a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo;

7. IARRANN SÍ go gcuirfí na séú tuarascálacha náisiúnta ar fáil go tráthúil d'fhonn a áirithiú go mbeidh an creat nua sin bunaithe ar thaithí a fuarthas ó chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh um Bithéagsúlacht 2011-2020; Ina theannta sin, sa phróiseas chun creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 a ullmhú ba cheart measúnuithe, táscairí, taithí a fuarthas agus gníomhaíochtaí a rinneadh i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile a chur san áireamh;

8. TACAÍONN SÍ leis an dearcadh gur cheart go mbeadh próiseas athbhreithnithe tréimhsiúil, oscailte, trédhearcach mar chuid den chreat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 agus AONTAÍONN SÍ gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chur chuige an athbhreithnithe ilghnéithigh faoin gCoinbhinsiún, lena n-áirítear athbhreithnithe deonacha piaraí mar cheann dá ghnéithe;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé tacú le forbairt creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 trí iarrachtaí cumarsáide sonracha agus forleathana ar gach leibhéal, ag cur leis na straitéisí cumarsáide atá ann cheana chun cur leis an móiminteam, feasacht phoiblí agus pholaitiúil a mhúscailt, ionchur a bhailiú agus an cur chun feidhme ina dhiaidh sin a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cruinniú mullaigh ardleibhéil a thionól ar leibhéal na gCeann Stáit nó Rialtais in 2020 chun infheictheacht pholaitiúil na bithéagsúlachta agus a rannchuidiú ríthábhachtach le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thuilleadh a thábhachtaí atá an taighde atá mar bhuntaca ag an obair faoin gCoinbhinsiún;

***Caibidil I - An Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht***

**Príomhshruthú**

10. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den fhíorthábhacht é phríomhshruthú éifeachtach na bithéagsúlachta isteach agus trasna earnálacha éagsúla chun spriocanna bithéagsúlachta Aichi agus an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme, chun na SDGanna a bhaint amach agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb iad NBSAPanna na príomhionstraimí chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus chun an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú sna hearnálacha ábhartha go léir; CUIREANN SÍ I dTREIS freisin go bhfuil gá práinneach le hathrú ó bhonn ar úsáid agus ar bhainistiú na bithéagsúlachta agus éiceachóras agus sna patrúin táirgthe agus tomhaltais, lena n-áirítear athruithe ar iompar agus ar chinnteoireacht ar gach leibhéal; ina theannta sin, AITHNÍONN SÍ ról na n-ionstraimí dlí, straitéisí comhtháite comhshaoil agus forbartha, agus an dea-chleachtais ó thaobh comhtháthú cúrsaí bithéagsúlachta sna hearnálacha ábhartha uile d'fhonn stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus soláthar na seirbhísí éiceachóras a choinneáil;

11. AG MEABHRÚ DI go bhfuil dlúthbhaint idir príomhshruthú éifeachtach na bithéagsúlachta agus deireadh a chur de réir a chéile le dreasachtaí atá dochrach don bhithéagsúlacht agus dreasachtaí dearfacha a fhorbairt maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta faoi 2020 i ngach beartas earnálach ábhartha, go háirithe sprioc Aichi 3 a bhaint amach;

12. IARRANN SÍ go glacfar cur chuige straitéiseach fadtéarmach maidir le príomhshruthú faoi CBD, agus go gcomhtháthófar príomhshruthú go hiomlán i gcreat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020; thairis sin IARRANN SÍ go ndéanfar cinneadh COP14 maidir le tosaíochtaí i ndáil le príomhshruthú éifeachtach in earnálacha an fhuinnimh agus na mianadóireachta, an bhonneagair, na monaraíochta agus na próiseála agus na sláinte, chun cinneadh COP 13 maidir le príomhshruthú sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht, san iascach agus sa turasóireacht a chomhlánú;

13. I gcomhthéacs phríomhshruthú na bithéagsúlachta, IARRANN SÍ freisin go ndéanfar amhábhar a fhoinsiú ar bhealach freagrach agus inbhuanaithe, arna réiteach le cosaint na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta i dtíortha foinse agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá rialachas freagrach agus inbhuanaithe sna hearnálacha ábhartha chun tacú leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach;

14. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach is féidir le roghanna nuálacha, amhail réitigh dhúlra-bhunaithe nó an agra-éiceolaíocht, a imirt chun príomhshruthú na bithéagsúlachta a oibríochtú agus ag an am céanna cuspóirí eile comhshaoil a bhaint amach freisin;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ó Rialtas Phoblacht Arabach na hÉigipte óstáil a dhéanamh ar mhír ard-leibhéil i gcomhthéacs COP 14 chun plé a dhéanamh ar phríomhshruthú na bithéagsúlachta san fhuinneamh agus sa mhianadóireacht, sa bhonneagar, sa mhonaraíocht agus sa phróiseáil, agus sa tsláinte, agus i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030 agus na SDGanna freisin; Thairis sin IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil dearbhú Ardleibhéil á ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar an mbithéagsúlacht i gcomhthéacs na dtreochtaí atá á dtuar i gcúrsaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, chomh maith le gealltanais agus le próisis níos láidre chun an coinbhinsiún agus a phrótacail a chur chun feidhme agus iarrachtaí a mhéadú chun spriocanna bithéagsúlachta Aichi a bhaint amach;

16. TACAÍONN SÍ le forbairt plean gníomhaíochta domhanda chun nascachtaí bithéagsúlachta agus sláinte a phríomhshruthú sna beartais, straitéisí, cláir agus cuntais ábhartha de chuid na bpáirtithe don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, i gcomhar leis na heagraíochtaí ábhartha, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus geallsealbhóirí eile;

**Slógadh acmhainní agus an sásra airgeadais**

17. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh an slógadh acmhainní mar chuid dhílis de chreat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 agus gur cheart dó cur leis an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme straitéis 2008 um acmhainní a shlógadh, lena n-áirítear acmhainní (airgeadais, daonna, teicniúla agus institiúideacha) a shlógadh ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear acmhainní intíre agus ón earnáil phríobháideach, agus na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go héifeachtach agus ar bhealach comhtháite; sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS na comhthairbhí a thiocfaidh as tionscadail a thugann aghaidh ar bhonn comhpháirteach ar chosaint na bithéagsúlachta agus ar shaincheisteanna eile comhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, gaineamhlú nó dífhoraoisiú;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI cur i gcrích rathúil an tseachtú athshlánú ar Chiste Iontaobhais na hÁise do Thimpeallacht na Cruinne agus gur léir rian na treorach a fuarthas ó CBD ar na treoracha clárúcháin bithéagsúlachta don seachtú athshlánú ar an gciste iontaobhais;

**Fothú acmhainní**

19. CUIREANN SÍ I bhFIOS go gcaithfidh fothú acmhainní a bheith mar chuid dhílis de chreat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 agus go gcaithfidh an fothú acmhainní sin a dhéanamh ar bhealach iomlán comhleanúnach agus comhordaithe leis an bpróiseas foriomlán don chreat sin i ndiaidh 2020; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil creat straitéiseach fadtéarmach á ullmhú don fhothú acmhainní i ndiaidh 2020 agus CUIREANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh bonn maith eolais ann do na tosaíochtaí agus na sásraí seachadta;

**Sineirgí**

20. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den tábhacht i gcónaí é go mbeadh comhar ann idir comhaontuithe comhshaoil ilpháirtithe (MEAnna), Coinbhinsiún Rio, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus comhlachtaí agus próisis eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus, i dtaca leis sin, IARRANN SÍ go gcuirfear chun feidhme go práinneach an treochlár chun sineirgí, comhleanúnachas agus comhar éifeachtach a fheabhsú i measc MEAnna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht chun rannchuidiú na n-ionstraimí sin a neartú i gcomhair creat bithéagsúlachta domhanda i ndiaidh 2020 agus chun Clár Oibre 2030 a fhíorú;

**An t-athrú aeráide**

21. CUIREANN SÍ I bhFÁTH na nascachtaí láidre atá ann idir na beartais agus na próisis chun cuspóirí a bhaint amach i gcás CBD, Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Chomhaontú Pháras agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, chomh maith le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur féidir le hathchóiriú éiceachóras, caomhnú agus cuir chuige éiceachóras-bhunaithe i ndáil le maolú an athraithe aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide, rannchuidiú, ar bhealach costéifeachtach, le hiarrachtaí na dtíortha chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda á choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú do 1.5 °C, i gcomparáid leis na leibhéil réamhthionsclaíocha, agus tacú le baint amach na gcuspóirí bithéagsúlachta ag an am céanna; IARRANN SÍ go neartófar comhar agus sineirgí idir na hionstraimí agus na próisis ábhartha, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha ábhartha a dhéanann IPCC agus IPBES; TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé sláine na n-éiceachóras uile agus cosaint na bithéagsúlachta a áirithiú agus gníomhartha á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;

22. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tréaniarracht a dhéanamh sineirgí agus comhar a bhaint amach idir an bhithéagsúlacht, díghrádú talún agus gaineamhlú agus próisis a bhaineann leis an athrú aeráide; agus TACAÍONN SÍ le glacadh na treorach deonaí i dtaca le dearadh agus cur chun feidhme na gcur chuige éiceachóras-bhunaithe don oiriúnú don athrú aeráide agus don laghdú rioscaí tubaistí;

**Limistéir faoi chosaint agus bearta caomhnúcháin éifeachtacha eile atá limistéar-bhunaithe (OECManna)**

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta maidir le rialachas limistéar faoi chosaint a bhunú, a bhainistiú agus a fheabhsú mar phríomhstraitéis i ndáil leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú; IS DÍOL SÁSAIMH DI ina theannta sin gur sainmhíníodh OECManna agus gur leagadh amach critéir dóibh agus AITHNÍONN SÍ OECManna mar chur chuige comhlántach trínar féidir feabhas a chur ar nascacht agus ar chomhleanúnachas líonraí na limistéar faoi chosaint agus trínar féidir cuidiú leis an mbithéagsúlacht a phríomhshruthú in earnálacha ábhartha agus le Spriocanna Aichi 5, 7, 11 agus 15 a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart do OECManna cuidiú leis na cuspóirí a bhaineann le limistéir faoi chosaint seachas an bonn a bhaint díobh; LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le limistéir faoi chosaint agus OECManna a lánpháirtiú le próisis pleanála spásúlachta; AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá taithí agus gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus réigiúnacha, amhail Clár UNESCO an Duine agus an Bhithsféir agus a Líonra Domhanda Anaclann Bithsféir;

**An Bhithéagsúlacht Mhuirí agus Chósta**

24. MEABHRAÍTEAR DI go n-athdhearbhaítear le rún 72/73 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an creat dlíthiúil nach mór na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí a dhéanamh faoina chuimsiú;

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta maidir le limistéir faoi chosaint a bhunú i limistéir mhuirí agus chósta, bunaithe ar fhaisnéis ábhartha eolaíoch agus theicniúil lena n-áirítear an fhaisnéis atá ar fáil ó phróiseas EBSA; TACAÍONN SÍ leis an gcinneadh na tuarascálacha achomair ón dá cheardlann ar EBSAnna sa Mhuir Dhubh agus i Muir Chaisp agus i Muir Bhailt a áireamh i stór EBSA, agus TACAÍONN SÍ le roghanna a fhorbairt d'fhonn an cur síos ar EBSAnna a leasú agus d'fhonn cur síos a dhéanamh ar limistéir nua; ba cheart próiseas iltaobhach cuir síos EBSA agus cineál eolaíoch agus teicniúil raon feidhme EBSAnna a bheith intuigthe go hiomlán agus tuilleadh oibre á déanamh ar EBSAnna laistigh de CBD;

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an prionsabal nach foláir don chur síos ar EBSAnna nua agus don mhodhnú ar EBSAnna atá ann cheana féin ceannasacht, cearta ceannasacha agus dlínse stát cósta a urramú ina n-iomláine;

27. TATHANTAÍONN SÍ ar na páirtithe dul ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint i limistéir fuaruisce agus iarmhairt an smionagair mhuirí, lena n-áirítear micreaphlaisteach, a chosc agus a mhaolú, agus aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag mianadóireacht ar ghrinneall na domhainfharraige ar an mbithéagsúlacht mhuirí; chomh maith leis sin MOLANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta chun iarmhairtí an torainn antrapaiginigh faoi uisce ar an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta a sheachaint, a íoslaghdú agus a mhaolú agus i ndáil le pleanáil spásúlachta mhuirí a chur chun feidhme, ag cur leis an tiomsú agus an tsintéis faisnéise atá á dhéanamh ag an Rúnaí Feidhmiúcháin;

28. IARRANN SÍ ar na páirtithe agus ar na rialtais eile úsáid a bhaint as an bhfaisnéis thiomsaithe faoin mbithéagsúlacht a phríomhshruthú in iascaigh, tríd an gcur chuige éiceachóras-bhunaithe a chur i bhfeidhm maidir le hiascaigh agus IS DÍOL SÁSAIMH DI ionchur agus rannpháirtíocht CBD sa Sainghrúpa Oscailte *Ad Hoc* de chuid na Náisiún Aontaithe ar Bhruscar Mara agus Micreaphlaisteach;

**Bitheolaíocht shintéiseach**

29. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá tús áite a thabhairt don phróiseas chun forbairtí nua sa bhitheolaíocht shintéiseach a aithint, lena n-áirítear na forbairtí sin a d'fhéadfadh eascairt as eagarthóireacht géanómach, d'fhonn tacú le córas scanta ionchais agus CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe, dírithe, neamhdhúbailteach i leith saincheisteanna a bhaineann leis an mbitheolaíocht shintéiseach faoin gCoinbhinsiún agus na Prótacail a ghabhann leis;

30. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart an cur chuige réamhchúramach, mar a thuairiscítear é i mbrollach an Choinbhinsiúin, a chur i bhfeidhm nuair atáthar ag plé le horgánaigh, le comhpháirteanna agus le táirgí na bitheolaíochta sintéisí agus go háirithe le horgánaigh a ndearnadh innealtóireacht ghéinfhuadair orthu; ós amhlaidh atá, AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh drochthionchair ar an mbithéagsúlacht eascairt as na horgánaigh sin;

**Faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha**

31. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil sí toilteanach leanúint ar aghaidh leis na pléití i dtaca leis an tsaincheist 'faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha' (DSI) le páirtithe eile; AGUS É Á AITHINT AICI nach sainmhínítear DSI ach go bhfeidhmíonn sé mar théarma oibre, agus IARRANN SÍ ar na páirtithe uile sa Choinbhinsiún an tuiscint atá ar an ábhar agus ar ghnéithe a bhaineann leis a dhoimhniú (mar shampla, cleachtais atá ann faoi láthair i mbunachair sonraí nó córais inrianaitheachta agus gnéithe a bhaineann leis an tsláinte) mar aon leis an tuiscint ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a úsáid le haghaidh gach ceann de thrí chuspóir an Choinbhinsiúin;

**Speicis Choimhthíocha Ionracha**

32. ÓS ÚDAR IMNÍ DI nach bhfuil mórán dul chun cinn déanta maidir le Sprioc Aichi 9 a bhaint amach, CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil gá i gcónaí le tús áite a thabhairt don ghníomhaíocht i dtaca le speicis choimhthíocha ionracha; IS DÍOL SÁSAIMH DI an treoir dheonach bhreise i ndáil le gan speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach go neamhbheartaithe sa trádáil in orgánaigh bheo;

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI, ina theannta sin, an moladh chun fóram ar líne a bhunú agus, faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil, Sainghrúpa Teicniúil Ad Hoc a bhunú d'fhonn réimsí a chlúdach nach bhfuil mar chuid den "Mheasúnú téamach ar speicis choimhthíocha ionracha agus a rialú" faoin gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais a bheidh ann go luath, go háirithe anailís costais agus tairbhe agus anailís cost-éifeachtúlachta agus r-thráchtáil;

**Pailneoirí**

34. IS ÁBHAR MÓR IMNÍ DI go bhfuil meath ag teacht ar phailneoirí fiáine, ar den riachtanas iad chun an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú, d'fheidhmiú na n-éiceachóras nádúrtha talún agus chun príomhsheirbhísí éiceachóras amhail táirgeadh bia a sholáthar;

35. Dá bhrí sin, MOLANN SÍ go dtabharfaí faoi bhearta éifeachtacha chun dul i ngleic leis an meath atá ag teacht ar phailneoirí, agus sa chomhthéacs sin IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir le tionscnamh an Aontais i ndáil le pailneoirí agus cuspóirí na Teachtaireachta, ina moltar go dtabharfaí faoi chur chuige comhtháite agus go mbainfí úsáid níos éifeachtaí as na huirlisí agus na beartais atá ann cheana féin; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin trí thosaíocht na Teachtaireachta chun dul i ngleic leis an meath atá ag teacht ar phailneoirí san Aontas agus rannchuidiú le hiarrachtaí domhanda caomhnúcháin, amhail Plean Gníomhaíochta 2018-2030 don Tionscnamh Idirnáisiúnta do Chaomhnú agus d'Úsáid Inbhuanaithe Pailneoirí ó CBD;

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI Comhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha le haghaidh Pailneoirí a bunaíodh ag CBD COP 13 agus MOLANN SÍ páirtithe eile CBD lena bheith páirteach sa Chomhghuaillíocht agus tabhairt faoi bhearta chun pailneoirí a chaomhnú;

37. IARRANN SÍ ar an Aontas gona Bhallstáit gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme go gasta agus riachtanais pailneoirí a lánpháirtiú, mar aon le bearta chun dul i ngleic leis na nithe a spreagann an meath, lena n-áirítear, inter alia, cailliúint gnáthóg agus úsáid lotnaidicídí a dhéanann dochar do phailneoirí, sna gcreata beartais éagsúla atá ag an Aontas don tréimhse tar éis 2020; CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais agus eolas faoi phailneoirí a scaipeadh ar bhealach níos cothroime; CUIREANN SÍ I dTREIS freisin an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí faireacháin fadtéarmacha i ndáil le pailneoirí d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a stádas agus ar a dtreochtaí;

***Caibidil II - Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht***

38. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na páirtithe uile an Prótacal chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus a riachtanaí atá sé go leanfaí ar aghaidh le cur chun feidhme an phlean straitéisigh a ghabhann leis don tréimhse 2011-2020, go leanfaí agus go neartófaí an obair chun sineirgí, comhleanúnachas agus comhar éifeachtach ar gach leibhéal a fheabhsú ar bhealach comhsheasmhach agus MOLANN SÍ do na páirtithe an bhithshábháilteacht a áireamh ina gcuid NBSAPanna agus/nó ina gcuid beartas, pleananna agus clár idir-earnálach agus trasearnálach agus iarrann sí ar rialtais eile déanamh amhlaidh;

39. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí faoi CBD creat bithéagsúlachta cuimsitheach a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2020 agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá Prótacal Cartagena a chomhtháthú leis an bpróiseas sin;

40. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé obair leantach a dhéanamh tar éis an phlean straitéisigh do Phrótacal Cartagena ar an mbithshábháilteacht don tréimhse 2011-2020, atá fite fuaite le creat domhanda na bithéagsúlachta i ndiaidh 2020 agus a dhéanann comhlánú air[1], d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach an Phrótacail a áirithiú don tréimhse tar éis 2020;

41. TUGANN SÍ FAOI DEARA AGUS IS ÁBHAR IMNÍ DI go bhfuil ráta tíolactha na dtríú tuarascálacha náisiúnta níos ísle agus IMPÍONN SÍ ar na páirtithe i bPrótacal Cartagena nár thíolaic a dtuarascáil náisiúnta go fóill é sin a dhéanamh a luaithe is féidir;

42. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndearnadh an 4ú Measúnú agus Athbhreithniú ar Phrótacal Cartagena ag an am céanna leis an meastóireacht dheiridh ar an bPlean Straitéiseach don tréimhse 2011-2020 agus an próiseas atá molta; agus CUIREANN SÍ I FÁTH a thábhachtaí atá sé go mbeadh an Coiste um Chomhlíonadh agus an Grúpa Idirchaidrimh um Fhothú Acmhainní rannpháirteach sa phróiseas sin;

---

**1** Ba cheart cuidiú le cur chun feidhme chreat bithéagsúlachta i ndiaidh 2020 leis an obair leantach agus gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí nithiúla a sholáthar chun Prótacal Cartagena a chur chun feidhme.

43. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról iomráiteach a bhí ag Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta (BCH) maidir leis an bPrótacal a chur chun feidhme agus CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR a thábhachtaí atá sé go gcláródh na páirtithe uile an fhaisnéis go léir is gá d'fhonn rochtain ar fhaisnéis faoi bhithshábháilteacht a éascú agus malartú taithí a fheabhsú agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH an tábhacht a bhaineann leis an obair atá ar bun ag coiste comhairleach neamhfhoirmiúil BCH (BCH-IAC) le feabhsú leanúnach ar BCH a áirithiú;

44. CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR go bhfuil measúnú riosca don chomhshaol ríthábhachtach i gcinntí a bhaineann le horgánaigh mhodhnaithe bheo (LMOanna) agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gníomhaíochtaí idirsheisiúnacha an fhóraim oscailte ar líne maidir le Measúnú Riosca agus Bainistiú Riosca, mar aon leis na pléití san Fhochomhlacht le haghaidh Comhairle Eolaíochta, Teicniúla agus Teicneolaíochta;

45. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá ar bun ag an sainghrúpa teicniúil *ad hoc* um cheisteanna socheacnamaíocha sa tréimhse idirsheisiúnach;

46. CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR an gá le leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainní chun Prótacal Cartagena a chur chun feidhme;

47. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tháinig Prótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur ar Dhliteanas agus Sásamh i bhfeidhm agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH an tábhacht a bhaineann lena chur chun feidhme éifeachtach;

48. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur daingníodh an Prótacal Forlíontach agus IARANN SÍ ar na páirtithe go léir i bPrótacal Cartagena nár dhaingnigh é nó nár aontaigh dó é sin a dhéanamh a luaithe is féidir;

49. IARRANN SÍ ar COP-MOP 9 na céimeanna agus na cinntí a ghlacadh ar gá iad chun creat Phrótacal Cartagena a neartú agus a chur chun feidhme tuilleadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

a) impí ar na páirtithe nár thíolaic a dtríú tuarascáil náisiúnta ná tuarascáil iomlán go fóill é sin a dhéanamh a luaithe is féidir;

b) cinneadh a dhéanamh próiseas struchtúrtha a bhunú chun saincheisteanna sonracha a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh, ar saincheisteanna iad a bhaineann le measúnú riosca ar LMOanna lena meas ag COP-MOP d'fhonn tuilleadh treorach a fhorbairt i ndáil le measúnú riosca ar na saincheisteanna sin a aithnítear; síneadh a chur leis an bhfóram oscailte ar líne agus sainghrúpa teicniúil *ad hoc* a bhunú ar mheasúnú riosca a mbeidh téarmaí tagartha soiléire aige chun na críche sin;

c) aird a thabhairt ar thorthaí an tsainghrúpa theicniúil *ad hoc* um cheisteanna socheacnamaíocha agus céimeanna breise iomchuí a mheas chun cuspóir oibríochtúil 1.7 den phlean straitéiseach le haghaidh Phrótacal Cartagena ar an mbithshábháilteacht (2011-2020) a chomhlíonadh maidir le ceisteanna socheacnamaíocha trí shíneadh a chur le sainordú an tsainghrúpa theicniúil *ad hoc* d'fhonn an treoir a forbraíodh go dtí seo a fhorlíonadh;

d) féachaint faoi obair leantach iomchuí a dhéanamh ar an bhfaisnéis thiomsaithe sa réimse lena gcumhdaítear gluaiseacht trasteorann neamhbheartaithe LMOanna agus bearta éigeandála agus brath agus sainaithint LMOanna, agus sa réimse lena gcumhdaítear iompar agus úsáid srianta chomh maith;

e) cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpróiseas le haghaidh obair leantach shonrach ar an bplean straitéiseach do Phrótacal Cartagena ar an mbithshábháilteacht don tréimhse 2011-2020 atá fite fuaite le creat domhanda na bithéagsúlachta i ndiaidh 2020 agus a dhéanann comhlánú air[2];

f) cinntí a dhéanamh chun cur chun feidhme éifeachtach Phrótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur ar Dhliteanas agus Sásamh a chur chun cinn;

***<u>Caibidil III - Prótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Tairbhí</u>***

50. IARRANN SÍ AR na páirtithe in CBD nár dhaingnigh Prótacal Nagoya go fóill nó nár aontaigh dó go fóill é sin a dhéanamh agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit nach ndearna é sin go fóill dlús a chur lena n-iarrachtaí é sin a dhéanamh a luaithe is féidir;

[2] Ba cheart cuidiú le cur chun feidhme chreat bithéagsúlachta i ndiaidh 2020 leis an obair leantach agus gníomhaíochtaí agus tosaíochtaí nithiúla a sholáthar chun Prótacal Cartagena a chur chun feidhme.

51. IARRANN SÍ AR na páirtithe uile sa Phrótacal neart a chur lena gcuid iarrachtaí Prótacal Nagoya a chur i bhfeidhm ina iomláine trí struchtúir ábhartha institiúideacha intíre a bhunú agus trí bhearta reachtacha, riaracháin nó beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta maidir le comhlíontacht, agus más infheidhme, riachtanais rochtana thrédhearcacha, ag meabhrú go bhfuil maoiniú ar fáil ó GEF le haghaidh creataí dlíthiúla agus rialála agus nósanna imeachta riaracháin a bhunú lena n-éascaítear rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt tairbhí i gcomhréir le forálacha Phrótacal Nagoya;

52. CUIREANN SÍ I BHFIOS go bhfuil sé ríthábhachtach úsáid iomlán a bhaint as Teach Imréitigh ABS chun go gcuirfear Prótacal Nagoya chun feidhme go héifeachtach, agus mar sin TATHANTAÍONN SÍ ar na páirtithe uile an fhaisnéis faoin Teach Imréitigh a cheanglaítear le Prótacal Nagoya a fhoilsiú agus a nuashonrú agus MOLANN SÍ na páirtithe agus iad siúd nach páirtithe iad an fhaisnéis uile atá ábhartha ó thaobh ABS agus atá riachtanach chun go gcuirfear Prótacal Nagoya chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear dea-chleachtais agus dea-thaithí, a chur ar fáil ar an Teach Imréitigh;

53. CUIREANN SÍ I FIOS gur gá dálaí a chruthú chun taighde a chur chun cinn agus a spreagadh lena rannchuidítear le cuspóirí CBD agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur cheart do na páirtithe sa Phrótacal féachaint faoi bhearta simplithe le haghaidh rochtain ar acmhainní géiniteacha chun críocha neamhthráchtála agus féachaint faoin tábhacht a bhaineann le hacmhainní géiniteacha do bhia agus talmhaíocht agus an ról speisialta atá acu le haghaidh slándáil bia, agus ba cheart dóibh aird chuí a thabhairt chomh maith ar chásanna éigeandála lena gcuirtear sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí i mbaol nó lena ndéantar dochar dá sláinte agus a reachtaíocht maidir le rochtain agus comhroinnt tairbhí nó a gceanglais rialála á forbairt agus á cur chun feidhme;

54. Tá SÍ RÉIDH agus toilteanach chun rannchuidiú tuilleadh leis an obair shubstainteach a dhéantar ar bhearta ar an leibhéal idirnáisiúnta ar riachtanach iad le haghaidh chur chun feidhme an Phrótacail, obair amhail tuilleadh forbartha ar Theach Imréitigh ABS, fothú acmhainní agus múscailt feasachta;

55. IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí ó SBI 2, go háirithe maidir leis an measúnú agus an athbhreithniú ar éifeachtacht Phrótacal Nagoya agus maidir le hionstraimí speisialaithe rochtana idirnáisiúnta agus comhroinnte tairbhí agus CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR go bhfuil sí toilteanach saincheisteanna a bhaineann le hAirteagal 10 de Phrótacal Nagoya a phlé tuilleadh, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá le taithí níos praiticiúla i dtaca leis an bPrótacal a chur chun feidhme.